

Topaic: An Páiste

Fothopaic: Caitheamh aimsire – scéalaíocht

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Caitríona Budhlaeir ag labhairt faoin scéalaíocht a dhéanann a hiníon Róisín.

Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimoirí, bunaithe ar an mír físe. **Ní plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Éisteacht agus cleachtaí teanga

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht ar ball le Caitriona Budhlaeir ag caint faoin scéalaíocht a dhéanann a hiníon Róisín mar chaitheamh aimsire. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

- Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.
- Scaip an bhileog ‘Ag Scéalaíocht: Éisteacht’ agus eagraigh an réamhobair ar dtús. Cuir eolas ar fáil agus treoraigh plé maidir leis an Oireachtas – má tá na hacmhainní ar fáil, d’fhéadfaí féachaint ar an suíomh gréasáin agus ar shamplaí de na comórtais ón suíomh. Maidir leis an tasc tuisceana, cuir béim ar an bpointe nach gá dóibh ach éirim ghinearálta na cainte a thabhairt leo. Do thasc 3, cuir béim ar chumadh na n-abairtí i mbeirteanna. Do thasc 4, ag brath ar leibhéal cumais na bhfoghlaimeoirí, beidh cinneadh le déanamh an ndíreofar ar an bhfoirm ‘mí na Bealtaine’, ‘mí na Samhna’ etc. nó ar ainm na míosa féin.

Tasc samplach 2: Féilte – Plé

Scaip an bhileog ‘Féilte – Plé’. Tabhair cúpla nóiméad do na foghlaimeoirí a gcinneadh a dhéanamh maidir le cibé féile ab fhearr leo agus cúpla nóta a glacadh, más maith leo. Ansin eagraigh an plé. Cuir béim ar an bpointe go gcaithfidh siad dul i bhfeidhm ar na daoine eile. Tabhair deis tar éis an phlé do chúpla duine a gcúiseanna a thabhairt don rang ar fad.

Tasc samplach 3: Ag pleanáil féile – tasc

Scaip an bhileog ‘Ag pleanáil féile – tasc’. Eagraigh na grúpaí éagsúla don tasc agus cabhraigh leo an obair a thosú. Cuir béim ar an idirghníomhaíocht agus ar an gcruthaitheacht. Nuair a bheidh an tasc déanta acu, iarr ar na grúpaí éagsúla a bpóstaear agus a bhféilte a roinnt leis an rang.

Ag Scéalaíocht: Éisteacht

Tasc 1: Beidh tú ag féachaint ar mhír físe ina bhfuil Caitríona ag labhairt faoina hiníon Róisín a bhfuil suim aici sa scéalaíocht. Ar dtús pléigh na ceistanna seo thíos le do pháirtí.

- Cad is scéalaíocht ann? Cad atá ar eolas agat fúithi mar rud? Pléigh agus déan cur síos.
- Cad é an difríocht atá idir na focail seo a leanas? Cuir in abairtí iad.
 - Féile
 - Cóisir
 - Ceolchoirm
 - Comórtas
- An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi An tOireachtas? Pléigh le do theagascóir.

Tasc 2: Anois féach ar an mír físe. Cé mhéad a d'éirigh leat a thuiscint den mhéid a dúirt Caitríona. Breac nótaí.

Gluais: ag prapáil *preparing for*
 de ghlanmheabhair *off by heart*

Róisín agus an scéalaíocht

Tasc 3: Stór focal agus nathanna cainte

'...Bhí sé ar siúl i *City West* i mBaile Átha Cliath *anuraidh* ach beidh sé ar siúl i gCill Airne i *mbliana*...'

Déan iarracht na colúin thíos a cheangal.

Gaeilge do thuismitheoirí. Gaelscoileanna Teo.
Ábhar samplach do ranganna do thuismitheoirí
Sraith 2

1. anuraidh	a. next month
2. aréir	b. the day after tomorrow
3. an mhí seo caite	c. tomorrow
4. an mhí seo chugainn	d. last month
5. arú amárach	e. in 2 years' time
6. arú inné	f. last year
7. i gceann dhá bhliain	g. the day before yesterday
8. amárach	h. last night

Anois, le cabhair ó do pháirtí, déan iarracht na focail agus na frásaí sa cholún ar chlé a chur in abairtí.

Tasc 4: Fócas ar theanga: Míonna na bliana

Glacann Róisín páirt i bhféile áitiúil i mí Dheireadh Fómhair. An bhfuil míonna na bliana ar eolas agat i nGaeilge? Faigh treoir ón teagascóir agus ansin bain triail as na cleachtaí seo:

- Abair le do pháirtí cad iad na míonna ina bhfuil laethanta breithe do pháistí.
- Abair le do pháirtí cad iad na míonna atá i ngach séasúr.
- Abair le do pháirtí cathain a tharlaíonn mór-imeachtaí na scoile agus do theaghlaigh.

Tasc 5: Plé

- An nglacann do pháistí páirt in aon chomórtais? Pléigh le do pháirtí.
- 'Níl comórtais go maith do pháistí!'. Pléigh!


Féilte: Plé

Ba mhaith leat na páistí a thabhairt go dtí féile. Rinne tú beagán taighde agus seo thíos na cinn a bheidh ar siúl. Caithfidh tú ceann amháin a roghnú – an ceann is oiriúnaí do do theaghlach féin. Nuair a bheidh ceann roghnaithe agat, caithfidh tú labhairt le do pháirtí agus a chur ina luí air/uirthi gur cheart dóibhsean teacht in éineacht libh. Beidh do pháirtí ag iarraidh oraibhse dul leosan, áfach – bí láidir! Bíodh do chúiseanna réidh agat.

Electric Picnic



Féile Leabhar Dhún
Laoghaire



Féile Rós Thrá Lí



Ceol traidisiúnta



Oireachtas na Gaeilge



Ag Pleanáil Féile – Tasc



Ag Pleanáil Féile: Tasc

Beidh tú ag obair i ngrúpa. Caithfidh sibh smaoineamh ar an gcineál féile a bheadh go maith do theaghlaigh le páistí bunscoile. Bígí ag obair le chéile chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Ainm a chumadh don fhéile.
2. Blurba beag a chumadh don fhéile.
3. Clár an-gharbh a dhéanamh amach don fhéile.
4. Póstaer a dhearadh don fhéile.

Ná déanaigí dearmad go gcaithfidh an fhéile a bheith oiriúnach do pháistí bunscoile!